



Buinsí


Céim	Snáithe	Snáithaonad
1	Tomhais	Ag Tomhas

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann feasacht a léiriú gur féidir gnéithe rudaí amhail fad, meáchan, toilleadh agus achar a thomhas agus a chur i gcomparáid.	- Tá gnéithe ag rudaí gur féidir a thomhas ar nós fad, meáchan, toilleadh agus achar. - Is féidir linn rudaí a chur i gcomparáid agus a chur in ord de réir aitreabúid faoi leith (méid fisiciúil) atá acu i gcomparáid lena chéile.

Matamaitic á Foghlaim

Is féidir píosa leaistice a úsáid mar bhuinsí chun meáchan na réad éagsúil a chur i gcomparáid lena chéile ach an t-achar a shíneann gach ceann acu a thomhas. Ullmhaigh ‘Buinsí’ trí pháosa leaistice a cheangal le pionna éadaigh nó le fáiscín agus é a cheangal le méadarshlat atá crochta thar dhá bhord.

Cuir píosa páipéir ar crochadh ó mhéadarshlat eile taobh thiar den leaistic chun taifead a choimeád. Ceanglaíonn na foghlaimoirí réimse réad beag laethúil, leis an bpionna, ceann i ndiaidh a chéile, sula scaoilfidh siad leo. (Déan cinnte go bhfuil difríocht mheáchain idir na réada). Fan go dtí go socraíonn an leaistic agus déan taifead ar an bhfad a shíneann an buinsí ar an bpáipéar. Bain úsáid as an leathanach céanna chun taifead a dhéanamh ar an achar a chlúdaigh na réada ar fad chun na meáchain a chur i gcomparáid lena chéile a éascú.



Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Fadhbanna a Réiteach
<i>An foghlaimoir</i>			
Déanann sé fiosrú agus iniúchadh ar réada agus ar rudaí laethúla.	Baineann sé úsáid as stór focal oiriúnach chun cur síos a dhéanamh ar mheáchan na réad agus chun na meáchain a chur i gcomparáid lena chéile.	Tuarann sé an chomparáid a bheidh idir tréithe intomhaiste na réad.	Fiosraíonn sé nósanna imeachta maidir le meáchan a thomhas trí chomparáidí díreacha a dhéanamh i gcomhthéacsanna fiúntacha.



Matamaitic á Teagasc	
Meon Táirgiúil a Chothú	Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic
Tabhair deis do na foghlaimeoirí comhoibriú lena bpiaraí agus a bheith rannpháirteach leo i mbeirteanna le cumas measctha.	Cuir deiseanna ar fáil do na foghlaimeoirí chun fiosrú agus iniúchadh a dhéanamh.
Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil Cuir réimse ábhar ar fáil chun taifead a dhéanamh ar an gcaoi ar thomhais na foghlaimeoirí an t-achar a chlúdaigh an buinsí ar bhealach a thuigeann siad féin.	
Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid	Cómhrá Mata a Chur Chun Cinn
Cuidigh leis na foghlaimeoirí nasc a dhéanamh idir eolas a bhí acu cheana agus eolas nua; agus réimsí éagsúla matamaitice.	Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí a dtorthaí a roinnt trí cheistiúchán straitéiseach. D'fhéadfaí go n-áireofaí ar na heochaircheisteanna; • Cén chaoi a raibh a fhios agat cérbh é an réad ba throime/b'éadroime? • Cén chaoi ar thomhais tú an t-achar a chlúdaigh an leaistic gach uair? • Cé mhéad ciúb siúcra a theastaigh uait chun an fad a thit an ... a thomhas?
Measúnú a dhéanamh ar Mhatamaitic	
• An léiríonn an foghlaimeoir go bhfuil tuiscint aige ar mheáchan? • An bhfuil an foghlaimeoir in ann a smaointe a chosaint? • An bhfuil an foghlaimeoir in ann réada a chur in eagar ó thaobh meáchain de ón réad is troime go dtí an réad is éadroime?	
Foinse	
Tomhais: Lámhleabhar an Mhúinteora lch 155	